An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir Soláthair d'Iar-bhunscoileanna

## Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí 2024/25

v1.1 Aibreán 2024

# Rialú Doiciméid

| Rialú Athraithe Doiciméid | | | |
|---|---|---|---|
| **Leagan Uimh.** | **Sonraí an Athraithe** | **Ranna Athraithe** | **Dáta** |
| 1.0 | Doiciméad tugtha chun críche don fhoilsiú | Uile | 09/04/2024 |
| 1.1 | Rialú doiciméid curtha leis, rannóg nua ar ríomhleabhair curtha leis, soiléirithe téacs. | Nuashonraithe: 2.1, 4a<br>Nua: 2.2, 2.3. | 16/04/2024 |
| 1.2 | Soiléirithe téacs | Nuashonraithe: 2.2 | 16/04/2024 |

# Clár

Rialú Doiciméid 2
1. Réamhrá 4
2. Ceanglais soláthair phoiblí 5
2.1. Earraí 7
2.2. Riomhleabhair 8
2.3. Dialanna Scoile 9
3. Pleanáil 10
3.1. Leabhair scoile 10
3.2. Acmhainní ranga 11
3.3. Úsáidí eile don deontas leabhar scoile 12
3.4. Creataí ceannaigh le haghaidh Stáiseanóireacht Oifige, TFC, agus Páipéar 12
4. Líon na gcomórtas soláthair do leabhair scoile a chinneadh 13
5. Riachtanais leanúnacha do leabhair scoile agus acmhainní ranga le linn na scoilbhliana 15
Aguisín 1 – Liosta pleanála samplach do leabhair scoile agus stáiseanóireacht 16
Aguisín 2 – Earraí a ghnóthú ar luach faoi bhun €5,000 17
Aguisín 3 – Earraí a ghnóthú ar luach idir €5,000 agus €50,000 18
Aguisín 4 – Earraí a ghnóthú ar luach idir €50,000 agus €221,000 19
Aguisín 5 – Treoir maidir le creataí ceannaigh a úsáid le haghaidh stáiseanóireacht oifige, TFC, agus páipéar oifige 20
1. Clárú do chuntas 20
2. Creataí a Rochtain 21
2.1. Creat um Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige 22
2.2. Creat d’Ábhair Inchaite TFC 25
2.3. Creat um Pháipéar Oifige do Phriontáil agus Fotachóipeáil 25
Aguisín 6 – Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú 27

# 1. Réamhrá

Tá an treoir seo deartha chun cabhrú le ceannairí iar-bhunscoileanna Deonacha, Pobail agus Cuimsitheacha leis an bpróiseas chun leabhair scoile a ghnóthú[1], lena n-áirítear ríomhleabhair, agus acmhainní ranga lárnacha[2]. D'fhéadfadh gur leabhair na Sraithe Sóisearaí atá á gceannach faoi Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí, nó leabhair a cheannaítear do scéimeanna cíosa leabhar atá á bhfeidhmiú ag scoil.

Tá tuilleadh sonraí maidir le Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí sa 'Treoir Scéim Leabhair Scoile na Sraithe Shóisearach 2024/25' atá ar fáil anseo. Tá tuilleadh doiciméad treorach agus acmhainní a bhfuil sé mar chuspóir acu cabhrú le scoileanna le soláthar ar fáil freisin ar www.gov.ie/schoolbookschemes agus https://www.spu.ie/schoolbooks-scheme/.

Ba chóir go leanfadh gach Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) ag tacú le gníomhaíocht soláthair na scoileanna BOO, agus ba cheart do na scoileanna dul i dteagmháil leis an bpríomhoifig BOO le haghaidh treorach nó faisnéise maidir le leabhair scoile agus acmhainní ranga a cheannach.

Is comhlachtaí atá maoinithe go poiblí iad scoileanna. Ní mór do chomhlachtaí atá maoinithe go poiblí, scoileanna san áireamh, rialacha agus nósanna imeachta soláthair phoiblí a leanúint agus iad ag fáil earraí agus seirbhísí. Áirítear leis seo airgead a chaitheamh a fhaightear faoi Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí.

Don scoilbhliain 2024/25 tá an maoiniú deontais socraithe ag ráta €309 in aghaidh an scoláire i mbliain 1, 2 agus 3 den tSraith Shóisearach.

Ní thugann an treoir seo aon fhreagrachtaí cheanglais nua isteach do scoileanna. Ba chóir na próisis agus na nósanna imeachta atá leagtha amach a léamh mar threoir do scoileanna ar an gcaoi lena n-oibleagáidí faoin dlí a chomhlíonadh agus earraí á bhfoinsiú acu le hairgead poiblí.

[1] Úsáidtear an téarma "leabhair scoile" tríd an doiciméad seo agus clúdaíonn sé gach téacsleabhar ábhartha, lena n-áirítear ríomhleabhair, agus leabhair saothair a úsáidtear ag leibhéal na scoile chun tacú le teagasc agus foghlaim ábhair sa tSraith Shóisearach. Clúdaíonn sé freisin téacsanna breise riachtanacha mar úrscéalta agus drámaí don Bhéarla nó iarpháipéir scrúdaithe na Sraithe Sóisearaí do gach ábhar.

[2] Tagraíonn "acmhainní ranga lárnacha d'ábhair mar chóipleabhair, leabhair nótaí crua-chlúdaigh, dialanna scoile agus áireamháin a theastaíonn do gach ábhar chomh maith le míreanna acmhainne a bhaineann go sonrach le hábhar ar nós cóipleabhair saotharlainne d'ábhair eolaíochta nó foclóirí d'ábhair theanga. Tá liosta cuimsitheach le fáil in Aguisín 1 de Threoir Scéim Leabhar na Sraithe Sóisearaí 2024/25 atá ar fáil anseo.

## 2. Ceanglais soláthair phoiblí

In Éirinn, tá soláthar poiblí á rialú ag rialacháin an AE agus ag rialacháin náisiúnta. Soláthraíonn siad seo do thimpeallacht soláthair phoiblí atá oscailte, trédhearcach, iomaíoch agus neamh-idirdhealaitheach. Tá treoirlínte reatha ginearálta soláthair phoiblí le haghaidh earraí agus seirbhísí ar fáil anseo.

Tagraíonn soláthar poiblí don phróiseas trína gceannaíonn comhlachtaí seirbhíse poiblí earraí, seirbhísí nó oibreacha ó sholáthraithe atá roghnaithe acu chun na críche sin. Cuimsíonn sé idir ceannach gnáth earraí nó gnáthsheirbhísí go conarthaí ar mhórscála do thionscadail bhonneagair agus tá raon leathan agus éagsúil údarás conarthach bainteach leis seo. Tá soláthar riachtanach chun a chinntiú go mbainfidh comhlachtaí poiblí amach an luach is fearr ar airgead.

Beidh baint éigin ag go leor scoileanna le soláthar nuair a bhíonn oibreacha tógála idir lámha acu, mar shampla síneadh nua scoile nó foirgneamh nua scoile.

Tá rialacha éagsúla i bhfeidhm ag brath ar an méid airgid atá á chaitheamh ag comhlacht poiblí ar earraí nó ar sheirbhísí; treoróidh an doiciméad seo scoileanna trí na rialacha éagsúla.

Sainmhínítear na rialacha bunaithe ar luach iomlán an chonartha (gan CBL a áireamh):

- Níos lú ná €5,000,
- Idir €5,000 agus €50,000
- Idir €50,000 agus €221,000,
- Os cionn €221,000.

D’fhéadfadh go mbeadh ar scoil níos mó ná comórtas soláthair amháin a reáchtáil. Moltar do scoileanna nach bhfuil sé ag teacht leis na ceanglais faoin dlí soláthair earraí a fhoroinnt (mar shampla, leabhair) i gconarthaí éagsúla.

Ní cheadaítear earraí a fhoroinnt i gconarthaí éagsúla chun luach conartha a laghdú.

I ngach cás, ba chóir do scoil luach iomlán an chonartha a mheas (gan CBL san áireamh) agus a bheith sásta go bhfuil an luach a mheastar réasúnta agus an soláthar á thosú. Féadfaidh an luach measta a bheith níos airde nó níos ísle ná luach cinnte an chonartha agus tá sé i gceist é a bheith ina tháscaire ar luach ionchasach an chonartha.

Is féidir roinnt earraí a cheannach freisin ó chreataí ceannaigh atá ann cheana. Tá na creataí ceannaigh seo bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus ligean do scoileanna earraí a cheannach uathu gan próiseas soláthair a dhéanamh.

Tá creat lárnach i bhfeidhm maidir le míreanna stáiseanóireachta ar féidir le scoileanna iad a úsáid. Tá sonraí breise ar fáil i gcuid 3.4.

Tá léaráid amhairc ar an gcéad leathanach eile a léiríonn na céimeanna ardleibhéil ar cheart do scoileanna a ghlacadh.



Nuair a bhíonn baint ag scoil leis an bpróiseas soláthair, ní mór di aird a thabhairt ar na tairseacha caiteachais seo a leanas:

### A. Conarthaí faoi bhun €5,000 (gan CBL san áireamh)

Is féidir conarthaí faoi bhun €5,000 a bhronnadh ar bhonn luachaintí ó bhéal nó i scríbhinn ó chonraitheoir amháin nó níos mó.

### B. Conarthaí idir €5,000 agus €50,000 (gan CBL san áireamh)

Féadfar conarthaí idir €5,000 agus €50,000 a bhronnadh ar bhonn freagairtí ar luachaintí i scríbhinn (mar shampla, seolta trí ríomhphoist) ó thrí sholáthraí nó soláthraithe seirbhíse ar a laghad.

Ba cheart doiciméad ina sonraítear an méid a theastaíonn, lena n-áirítear amlíne chun an t-ordú a chomhlíonadh, a chur san áireamh.

Tá teimpléid do Iarratas ar Luachaintí ar https://www.spu.ie/schoolbooks-scheme/.

### C. Conarthaí idir €50,000 agus €221,000 (gan CBL san áireamh)

Ní mór conarthaí sa chatagóir seo a chur ar eTenders. Beidh ar scoileanna clárú ar eTenders. Foilseofar treoir mhionsonraithe do scoileanna maidir le conas clárú agus treoir maidir le eTenders a fhoilsiú ar https://www.spu.ie/schoolbooks-scheme/.

Cuireann an Roinn Oideachais in iúl do scoileanna nach mór an comórtas tairisceana a fhógairt ar eTenders ar feadh 21 lá féilire.

### D. Conarthaí os cionn €221,000

Ní mór conarthaí sa chatagóir seo a chur ar eTenders agus a fhoilsiú ar Iris Oifigiúil an AE. Beidh ar scoileanna clárú do na hardáin seo.

Ní mór an conradh a fhógairt ar feadh 35 lá féilire ar a laghad.

## 2.1. Earraí

Is féidir earraí a roinnt i gconarthaí ar leith chun críocha soláthair.

Maidir le Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí, is féidir le scoileanna earraí a ghnóthú faoi thrí phríomhchineál:

1. Téacsleabhair, lena n-áirítear ríomhleabhair agus leabhair oibre

2. Acmhainní Seomra Ranga Neamh-Leabhair (na hearraí atá liostaithe in Aguisín 2 sa Treoir Scéim Leabhair Scoile na Sraithe Sóisearaí 2024/25)
3. Gléasanna Digiteacha (ní bheidh caiteachas faoin earra seo ach ag scoileanna ina ngintear acmhainní agus ábhar múinteoir-threoraithe)

Cuirtear in iúl do scoileanna de réir na riachtanas soláthair nach bhfuil sé ceadaithe earraí a fhoroinnt chun luach an chonartha a choinneáil faoi leibhéil éagsúla tairsí. Ciallaíonn sé seo nach féidir le scoil conarthaí ar leith a dhéanamh do leabhair scoile bunaithe ar bhliainghrúpaí nó ábhair nó foilsitheoirí ar leith, ach amháin má tá riachtanas dlisteanach ann (mar shampla, téacsleabhair speisialta i gcás ábhar ar leith, ar nós leabhair theanga ar leith do ghearrchúrsaí nuatheanga iasachta nuair is eol nach bhfuil ann ach soláthraí amháin den earra, nó do ríomhleabhair mar atá in 1.2 thíos).

## 2.2. Riomhleabhair

Úsáideann go leor scoileanna ríomhleabhair anois taobh le taobh le, nó in ionad, gnáth-théacsleabhair. Is féidir an maoiniú a chuirtear ar fáil tríd an scéim a úsáid chun ríomhleabhair a cheannach.

Murar mian le scoil ach ríomhleabhair a cheannach, agus nach bhfuil siad ar fáil ach le ceannach go díreach ón bhfoilsitheoir, féadfaidh scoil iad seo a cheannach go díreach ón bhfoilsitheoir sin. B’fhéidir go n-úsáideann scoil ríomhleabhair ó iliomad foilsitheoirí, agus gur é an foilsitheoir an t-aon díoltóir dá ríomhleabhar féin. Ina leithéid de chás, is féidir le scoileanna ríomhleabhair a cheannach go díreach ó gach foilsitheoir trí luachan a fháil do na hearraí riachtanacha ó gach foilsitheoir.

Má tá scoil ag ceannach ríomhleabhair go díreach ó fhoilsitheoir, gan aon phróiseas tairisceana, ní mór taifead a choinneáil á rá nach bhfuil ach soláthraí féideartha amháin de na ríomhleabhair atá á gceannach.

Más féidir an ríomhleabhar a cheannach ó níos mó ná díoltóir amháin, ní mór do scoileanna cloí leis an bpróiseas tairisceana don tairseach ábhartha.

Má úsáideann scoileanna téacsleabhair fhisiceacha agus ríomhleabhair agus go gcuirtear an ríomhleabhar ar fáil saor in aisce leis an téacsleabhar fisiceach, ba cheart fós tairiscint a dhéanamh ar na téacsleabhair fhisiceacha mar a gconradh féin. Ba cheart go leanfadh an próiseas seo rialacha soláthair phoiblí mar atá leagtha amach sa doiciméad seo agus leis an bpróiseas tairisceana don tairseach ábhartha arna leanúint, bunaithe ar luach measta an chonartha.

Mura n-úsáideann scoileanna ach ríomhleabhair ach go n-úsáidtear leabhair saothair fisiceacha freisin, ba cheart go ndéanfaí tairiscint fós ar na leabhair saothair fhisiceacha mar a gconradh féin, agus an próiseas tairisceana don tairseach ábhartha á leanúint, bunaithe ar luach measta an chonartha.

## 2.3. Dialanna Scoile

Úsáideann go leor scoileanna dialanna scoile brandáilte nó saincheaptha. Déantar é seo ionas go mbeidh lógó na scoile, féilire bliantúil, agus rannóga cumarsáide le tuismitheoirí ag teacht le polasaithe na scoile.

Má chinneann scoil dialann scoile a úsáid atá saindeartha don scoil sin, féadfaidh an scoil dialanna scoile a fháil ar leithligh ó ábhair eile an tseomra ranga.

Ní mór do scoileanna na rialacha soláthair phoiblí a leanúint mar atá leagtha amach sa doiciméad seo agus an próiseas tairisceana don tairseach ábhartha a leanúint bunaithe ar luach measta an chonartha.

# 3. Pleanáil

## 3.1. Leabhair scoile

Cabhróidh pleanáil scoile leis an am agus an iarracht iomlán a chaitear ar riar na scéime a laghdú.

Is é cuspóir na scéime deireadh a chur le costas iomlán na leabhar scoile agus na n-acmhainní lárnacha ranga do thuismitheoirí/chaomhnóirí scoláirí i mblianta na sraithe sóisearaí.

Ba chóir do scoil tosú ar an bpleanáil trí na nithe seo a leanas a aithint:

1. an maoiniú iomlán atá á chur ar fáil dó don scoilbhliain atá le teacht,
2. rollú iomlán pleanáilte na scoláirí i ngach bliain den tsraith shóisearach,
3. rollú iomlán na scoláirí i ngach ábhar i ngach mbliain den tSraith Shóisearach (mar shampla, 20 scoláire eolaíochta sa chéad bhliain, 22 scoláire eolaíochta sa dara bliain, agus mar sin de).

Ba chóir do scoil leanúint lena gnáthphróiseas chun a rogha leabhair scoile a úsáid mar chuid de sheachadadh an churaclaim, go hiondúil trí chomhairliúchán leis na baill foirne teagaisc do gach ábhar. D’fhéadfadh go mbeadh ar scoil aghaidh a thabhairt ar an bpróiseas seo níos luaithe ná blianta roimhe seo chun soláthar ceart a éascú.

Ba chóir go n-áireofaí i bpolasaí na scoile maidir le roghnú leabhar scoile an gá atá le leabhair scoile agus/nó leabhair saothair, na critéir a úsáidtear chun leabhair scoile a roghnú agus tiomantas leabhar scoile a choinneáil ar liosta na leabhar scoile ar feadh tréimhse ama ar leith.

Ba chóir go dtosódh scoileanna anois ag aithint na dtéacsleabhar agus na méideanna de gach ceann atá ag teastáil do scoláirí na chéad bhliana atá ag teacht isteach agus na téacsleabhair agus na méideanna atá de dhíth do scoláirí i mblianta a 2 agus a 3. Tá tábla samplach de roinnt leabhar léirithe thíos.

| Bliain | Teideal | Foilsitheoir | Méid |
|---|---|---|---|
| | **Béarla** | | |
| 1 | Béarla na Sraithe Sóisearaí Bliain 1 (2024) | Preas Bratach Glas | 65 |
| 1 | Úrscéal gan Ainm (1995) | Preas Bratach Glas | 65 |
| 2 | Béarla na Sraithe Sóisearaí Bliain 2 (2022) | Preas Bratach Glas | 62 |
| 3 | Béarla na Sraithe Sóisearaí Bliain 3 (2021) | Preas Bratach Dhearg | 58 |
| | **Mata** | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Matamaitic na Sraithe Sóisearaí Bliain 1 (2021) | Preas Bratach Dhearg | 65 |
| 2 | Matamaitic na Sraithe Sóisearaí Bliain 2 (2022) | Preas Bratach Dhearg | 62 |
| 3 | Matamaitic na Sraithe Sóisearaí Bliain 3 (2023) | Preas Bratach Dhearg | 58 |

Dá mhéad sonraí a thugtar, is é is fearr. Má roghnaíonn scoil an ISBN (Uimhir Leabhar Caighdeánach Idirnáisiúnta) a chur san áireamh do gach leabhar, cabhróidh sé le soláthraithe ionchasacha na leabhair atá á lorg a aithint.

Tá teimpléad samplach in Aguisín 1 le húsáid ag scoileanna.

## 3.2. Acmhainní ranga

Tá na acmhainní lárnacha ranga liostaithe in Aguisín 2 de 'Treoir Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí 2024/25' agus ní mór na hacmhainní seo a chur ar fáil do scoláirí faoin scéim. Beidh ar scoileanna cuid dá maoiniú a leithdháileadh do cheannach na n-earraí seo.

Ceannófar cuid de na hearraí seo do scoláirí uair amháin sa chéad bhliain dá sraith shóisearach ar nós leabhar foirmlí matamaitice, áireamhán eolaíochta, agus leabhar gramadaí.

Ba chóir go n-aithneodh scoileanna na hacmhainní ranga atá de dhíth ar gach scoláire atá ag staidéar sa tsraith shóisearach.

Ba chóir go n-aithneodh scoileanna freisin an dócha go mbreathnófar ar na hearraí seo mar stáiseanóireacht ghinearálta, nó an mbainfidh siad go sonrach le scoileanna.

Tá tábla samplach de roinnt earraí ar fáil thíos.

| **Bliain** | **Earra** | **Méid do gach Scoláire** | **Líon Scoláirí** |
|---|---|---|---|
| 1 | Áireamhán Eolaíochta | 1 | 65 |
| 1 | Leabhar Gramadaí Béarla | 1 | 65 |
| 1 | Foclóir Gaeilge | 1 | 65 |
| 1 | Foclóir Fraincise | 1 | 23 |
| 1 | Cóipleabhar | 12 | 65 |
| 2 | Cóipleabhar | 12 | 62 |
| 3 | Cóipleabhar | 12 | 58 |
| 1 | Cóipleabhar Lámhscríbhinn Cheoil | 1 | 13 |
| 2 | Cóipleabhar Lámhscríbhinn Cheoil | 1 | 12 |
| 3 | Cóipleabhar Lámhscríbhinn Cheoil | 1 | 14 |

## 3.3. Úsáidí eile don deontas leabhar scoile

Ní mór Deontas Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí a úsáid de réir 'Treoir Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sóisearaí 2024/25'. Leagtar amach sa doiciméad sin go bhféadfaidh scoileanna aon mhaoiniú barrachais a úsáid chun acmhainní ranga breise a sholáthar nuair a bhíonn na leabhair scoile agus na hacmhainní ranga lárnacha curtha ar fáil ag scoileanna. Áirítear leis na hacmhainní breise seo acmhainní a úsáidtear san Amharcealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Grafaic, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Adhmaid, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Eolaíocht agus Ceol. Go bunúsach, is ábhair tacaíochta iad na hacmhainní breise ranga d'aon ábhar nó gearrchúrsa sa tSraith Shóisearach atá de dhíth ar scoláirí chun tionscadail agus gnéithe praiticiúla den churaclam a chur i gcrích, lasmuigh de leabhair scoile agus acmhainní ranga lárnacha.

Ina theannta, le blianta anuas d'aistrigh líon beag iar-bhunscoileanna ó úsáid leabhar scoile, ríomhleabhair san áireamh. Tá a stór acmhainní féin cruthaithe ag múinteoirí sna scoileanna seo do scoláirí. Bíonn rochtain ag scoláirí ar na hacmhainní seo trí ghléas digiteach go príomha. B'fhéidir go dteastódh líon beag leabhar scoile ó na scoileanna sin gach bliain. Nuair a bhíonn deireadh curtha ag scoileanna a úsáideann acmhainní agus ábhar a ghintear ó mhúinteoirí le costas na leabhar scoile agus na n-acmhainní ranga go léir a theastaíonn, féadfaidh siad an maoiniú a úsáid chun acmhainní eile a bhaineann le hábhar a chruthaíonn múinteoirí a chlúdach, ar nós aipeanna oideachais a cheannach nó síntiús a cheannach ina leith. Má bhíonn barrachas maoinithe ann fós, féadfaidh scoileanna an maoiniú a úsáid chun soláthar gléasanna digiteacha faoi úinéireacht na scoile a chur ar fáil do scoláirí ar bhonn sealadach, de réir mar is gá.

Ní mór nósanna imeachta soláthair a leanúint mar is cuí maidir le gach earra a cheannaítear ag baint úsáide as an maoiniú deontais.

## 3.4. Creataí ceannaigh le haghaidh Stáiseanóireacht Oifige, TFC, agus Páipéar

Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) ar cheann de chúig Chomhlacht Ceannaigh Lárnach in Éirinn. Tá roinnt creataí curtha le chéile aige ar féidir le scoileanna a úsáid:

- creat stáiseanóireachta agus soláthairtí oifige thar 5 bheart geografach;
- creat TFC inchaite; agus
- creat páipéar oifige le haghaidh priontála agus fótachóipeála

Is féidir le scoileanna na creataí seo a úsáid chun acmhainní ranga a cheannach.

Sonraí ar na míreanna ceannaithe ón gcreat, lena n-áirítear clárú ar shuíomh gréasáin an OSR (https://buyerzone.gov.ie/).

Tá tuilleadh sonraí, lena n-áirítear treoir maidir húsáid na gcreataí ceannaigh, ar fáil in aguisín 5.

# 4. Líon na gcomórtas soláthair do leabhair scoile a chinneadh

Nuair a bheidh na leabhair scoile agus na hacmhainní ranga atá de dhí ar scoil sainaitheanta, ní mór don scoil a chinneadh an mbeidh gá le soláthraí amháin nó níos mó chun na hearraí seo a sholáthar.

Más eol don scoil gur féidir le soláthraí amháin na hearraí seo go léir a sholáthar, féadfaidh sí dul ar aghaidh le comórtas soláthair amháin (féach 4a).

Má tá scoil den tuairim go bhfuil gá le níos mó ná soláthraí amháin, ní mór cur chuige eile a ghlacadh (féach 4b).

## Céim 4a: Comórtas soláthair aonair a reáchtáil

Más gá comórtas aonair a reáchtáil, ba chóir do scoil luach an cheannaigh iomláin a mheas **gan CBL san áireamh.**

Seo a leanas an ráta CBL d’earraí coitianta atá á gceannach:

- Leabhair (leabhair scoile, foclóirí srl. san áireamh) – 0%
- Cóipleabhair – 23%
- Áireamháin – 23%
- Stáiseanóireacht ghinearálta (fillteáin srl.) – 23%

Beidh ar scoileanna meastacháin praghais a fháil ó dhíoltóirí ionchasacha nó trí thaighde a dhéanamh ar líne. **Tabhair faoi deara go léirítear praghsanna go minic agus CBL san áireamh.**

- Faoi bhun €5,000,
- Idir €5,000 agus €50,000,
- Idir €50,000 agus €221,000,
- Os cionn €221,000.

Tá tuilleadh sonraí faoin gcaoi ar cheart do scoileanna comórtas soláthair a dhéanamh le haghaidh gach ceann de na tairseacha seo in aguisíní 2 – 4.

Tá liosta samplach de leabhair scoile, mar aon leis na praghsanna miondíola atá molta ag an bhfoilsitheoir, ar fáil ar https://www.spu.ie/schoolbooks-scheme/ sa ‘teimpléad luachan Iar-bhunscoile’. Ní liosta cuimsitheach nó uileghabhálach é seo de na leabhair scoile ar fad agus níor cheart breathnú air mar fhaomhadh d’aon leabhair atá ar an liosta seo. D’fhéadfadh an liosta seo a bheith úsáideach do scoileanna chun luach a dtairiscintí a mheas. Ba chóir do scoileanna na treoracha sa teimpléad a leanúint maidir

leis an gcaoi é a úsáid chun luachanna a gconartha a mheas, agus an chaoi é a úsáid mar chuid den phróiseas tairisceana.

## Céim 4b: Comórtas soláthair amháin nó níos mó a reáchtáil

Má chreideann scoil go bhfuil gá le níos mó ná soláthraí amháin le haghaidh earraí, ba chóir don scoil na hearraí a chatagóiriú i ngrúpaí éagsúla ar nós 'leabhair scoile agus stáiseanóireacht a bhaineann go sonrach leis an scoil', 'stáiseanóireacht ghinearálta', agus 'seirbhísí digiteacha' (níl an liosta seo uileghabhálach).

Ba chóir do scoil luach an cheannaigh iomláin a mheas ansin **gan CBL san áireamh**.

Seo a leanas an ráta CBL d'earraí coitianta atá á gceannach:

- Leabhair (leabhair scoile, foclóirí srl. san áireamh) – 0%
- Cóipleabhair – 23%
- Áireamháin – 23%
- Stáiseanóireacht ghinearálta (fillteáin srl.) – 23%

Beidh ar scoileanna meastacháin praghais a fháil ó dhíoltóirí ionchasacha nó trí thaighde a dhéanamh ar líne. **Tabhair faoi deara go léirítear praghsanna go minic agus CBL san áireamh.**

Ba chóir do scoil ansin luach gach ceann de na grúpaí a chinneadh i mbandaí:

- Faoi bhun €5,000,
- Idir €5,000 agus €50,000,
- Idir €50,000 agus €221,000,
- Os cionn €221,000.

Tá tuilleadh sonraí faoin gcaoi ar cheart do scoileanna comórtas soláthair a dhéanamh le haghaidh gach ceann de na tairseacha seo in aguisíní 2 – 4.

# 5. Riachtanais leanúnacha do leabhair scoile agus acmhainní ranga le linn na scoilbhliana

Táthar ag súil go mbeidh formhór na n-iar-bhunscoileanna in ann na téacsleabhair agus na hearraí acmhainne ranga atá de dhíth ar na scoláirí ar fad atá cláraithe thar bhlianta na Sraithe Sóisearaí a aithint agus a chainníochtú sna seachtainí atá le teacht. Aithnítear freisin, áfach, go bhféadfadh go mbeadh ar roinnt scoileanna earraí breise a fháil le linn na scoilbhliana, mar shampla san fhómhar nuair a bhíonn taithí ag scoláirí na chéad bhliana ar na blas mhodúil agus nuair a chríochnaíonn siad a rogha ábhar don tSraith Shóisearach nó nuair a chláraíonn scoláirí tar éis thús na scoilbhliana.

Is féidir le scoil, agus earraí á soláthar aici, soláthraithe ionchasacha a chur ar an eolas faoina riachtanais reatha agus todhchaí má tá siad ar eolas ag an am a iarrtar luachana nó ag an am a fhoilsítear Tairiscint.

Is féidir le scoil comhairle a chur ar sholáthraithe ionchasacha go mb’fhéidir go mbeidh cainníochtaí breise i gceist maidir leis na hearraí a bhfuiltear ag tairiscint dóibh, ar an gcoinníoll go bhfuil na teorainneacha soláthair phoiblí fós i bhfeidhm (mar shampla, má tá an caiteachas fós faoi €50,000, nó faoi bhun €221,000). Agus é sin á dhéanamh ní mór don scoil an t-uaslíon earraí a fhéadfaí a cheannach faoin gconradh a leagan amach. Má thugann scoil comhairle faoin bhféidearthacht go bhféadfadh sí níos mó earraí a fháil, agus go leagann sí amach na huimhreacha ionchasacha, ní mór di a rá freisin nach bhfuil aon dualgas conartha uirthi an t-uaslíon earraí a fháil.

Ní féidir le scoileanna an áis seo a úsáid chun earraí a cheannach nach raibh mar chuid den bhun iarratas ar luachan nó tairiscint.

## Aguisín 1 – Liosta pleanála samplach do leabhair scoile agus stáiseanóireacht

| | | Gaeilge | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | ISBN | Teideal an Leabhair | Foilsitheoir | Clúdaithe? | Méid | Praghas measta ar an aonad (gan CBL) | Praghas measta ar an iomlán (gan CBL) | Praghas Iomlán measta (CBL san áireamh) |
| | **Téacsleabhair** | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | **Leabhair Saothair** | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | **Iomlán:** | | | |

# Aguisín 2 – Earraí a ghnóthú ar luach faoi bhun €5,000

Is féidir conarthaí faoi bhun €5,000 a bhronnadh ar bhonn luachaintí ó bhéal nó i scríbhinn ó chonraitheoir amháin nó níos mó.

Ba cheart do scoileanna an teimpléad Iarratas ar Luachana atá ar fáil ar [https://www.spu.ie/schoolbooks-scheme/](https://www.spu.ie/schoolbooks-scheme/) a úsáid nuair a bhíonn luachan á iarraidh.

Más mian le scoil ríomhphost a sheoladh ag iarraidh luachana, tá fáil ar ríomhphost samplach do sholáthraithe thíos.

> A [Ainm an Fhaighteora], a chara,
>
> Is iar-bhunscoil í [ainm scoile] atá lonnaithe i gCo. [ainm an chontae].
>
> Tá [ainm na scoile] ag lorg luachana do leabhair scoile agus/nó acmhainní ranga (scrios mar is cuí).
>
> Tá liosta de na hearraí atá á lorg don scoilbhliain seo chugainn faoi iamh.
>
> Cinntigh le do thoil go léiríonn do luachan earraí gan CBL san áireamh agus ar leithligh, mar aon leis an gcostas iomlán gan CBL san áireamh agus CBL san áireamh.
>
> Tá freagra ar an luachan seo ag teastáil tráth nach déanaí ná 17:00 ar XX/XX/2024
>
> Le dea-mhéin,

# Aguisín 3 – Earraí a ghnóthú ar luach idir €5,000 agus €50,000

Féadfar conarthaí idir €5,000 agus €50,000 a bhronnadh ar bhonn freagairtí ar luachaintí i scríbhinn (mar shampla, seolta trí ríomhphoist) ó thrí sholáthraí nó soláthraithe seirbhíse ar a laghad.

Ba cheart do scoileanna an teimpléad Iarratas ar Luachana atá ar fáil ar https://www.spu.ie/schoolbooks-scheme/ a úsáid agus é a cheangal leis an ríomhphost ag iarraidh comharthaí luachana. Tá an teimpléad seo comhaontaithe le Bookselling Ireland.

Tá fáil ar ríomhphost samplach do sholáthraithe thíos.

A [Ainm an Fhaighteora], a chara,

Is iar-bhunscoil í [ainm scoile] atá lonnaithe i gCo. [ainm an chontae].

Tá [ainm na scoile] ag lorg luachana do leabhair scoile agus/nó acmhainní ranga (scrios mar is cuí).

Tá liosta de na hearraí atá á lorg don scoilbhliain seo chugainn faoi iamh.

Cinntigh le do thoil go léiríonn do luachan earraí gan CBL san áireamh agus ar leithligh, mar aon leis an gcostas iomlán gan CBL san áireamh agus CBL san áireamh.

Tá freagra ar an luachan seo ag teastáil tráth nach déanaí ná 17:00 ar XX/XX/2024.

Le dea-mhéin,

# Aguisín 4 – Earraí a ghnóthú ar luach idir €50,000 agus €221,000

Tá tairiscintí sa chatagóir seo níos casta mar gheall ar a luach agus caithfear iad a fhoilsiú ar eTenders.

Is é eTenders an córas oifigiúil chun deiseanna soláthair phoiblí in Éirinn a fhoilsiú agus chun freagairt dóibh. Feidhmíonn sé mar ardán inar féidir le soláthraithe clárú, tairiscint a dhéanamh agus tairiscintí a ghnóthú ón rialtas agus ó chomhlachtaí poiblí eile, lena n-áirítear scoileanna.

Tá treoracha ar leith ullmhaithe faoin gcaoi le tairiscint a chlárú agus a fhoilsiú ar eTenders. Tá an treoir seo ar fáil ar https://www.spu.ie/schoolbooks-scheme/.

# Aguisín 5 – Treoir maidir le creataí ceannaigh a úsáid le haghaidh stáiseanóireacht oifige, TFC, agus páipéar oifige

Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) ar cheann de chúig Chomhlacht Ceannaigh Lárnach in Éirinn. Tá roinnt creataí curtha le chéile aige ar féidir le scoileanna a úsáid:

- creat stáiseanóireachta agus soláthairtí oifige thar 5 bheart geografach;
- creat TFC inchaite; agus
- creat páipéar oifige le haghaidh priontála agus fótachóipeála

Is féidir le scoileanna na creataí seo a úsáid chun acmhainní ranga a cheannach.

Tá na creataí ar fáil via https://buyerzone.gov.ie/ agus ní mór do scoileanna clárú chun na creataí a úsáid. Má chláraigh scoil roimhe seo, ní gá clárú arís.

Níl aon teorainn leis an líon ceannachán is féidir le scoil a dhéanamh as creat ach é a bheith bailí. Ní mór do scoil an 'Foirm maidir le Fógra chun Earraí a Ghníomhachtú' ábhartha a chomhlánú le haghaidh gach creata ar mian léi a rochtain. Ní gá an fhoirm seo a chomhlánú ach uair amháin in aghaidh an chreata.

Má bhíonn deacrachtaí ag scoil clárú, nó an creat a úsáid, ba cheart teagmháil a dhéanamh go díreach leis an OSR trí ghlaoch a chur ar 01 773 8000 nó ríomhphost a sheoladh chuig support@ogp.gov.ie.

## 1. Clárú do chuntas

Chun clárú ar BuyerZone, ní mór do scoileanna ríomhphost a sheoladh chuig registration@ogp.gov.ie. Tá ríomhphost teimpléid ar fáil thíos.

> A OSR, a chara,
>
> Táim ag dul i dteagmháil leat ó [cuir isteach ainm na scoile]. Táim ag iarraidh cuntas a chlárú ar BuyerZone thar ceann na scoile seo chun teacht ar chreataí ceannacháin an OSR.
>
> An féidir cuntas a chlárú leis na sonraí seo a leanas, le do thoil:
>
> Ainm Úsáideora:
>
> Seoladh ríomhphoist:

Ainm:

Sloinne:

Post (m.sh. Príomhoide):

Ainm na Scoile:

Seoladh na Scoile:

Baile:

Eirchód:

Contae:

Uimhir Rolla na Scoile:

Le dea-mhéin,

[cuir isteach an t-ainm]

Nuair a bheidh an cuntas socraithe, seolfar ríomhphost gníomhachtaithe chuig an seoladh ríomhphoist a bhfuil an scoil cláraithe leis. Cliceáil ar an nasc sa ríomhphost chun an cuntas a ghníomhachtú.

## 2. Creataí a Rochtain

Chun teacht ar na creataí agus tú logáilte isteach, roghnaigh 'Conarthaí' ag an mbarr. Ba chóir do scoileanna neamhaird a thabhairt ar an táb 'Scoileanna' ag an mbarr.

Is féidir le scoileanna breathnú trí na creataí dóibh seo a leanas:

- creat stáiseanóireachta agus soláthairtí oifige thar 5 bheart geografach;
- creat TFC inchaite; agus
- creat páipéar oifige le haghaidh priontála agus fótachóipeála

Mar mhalairt, is féidir an fheidhm chuardaigh a úsáid. Chun é seo a dhéanamh, cliceáil ar an íocón gloine formhéadúcháin sa bharr ar dheis:



Léireoidh sé seo barra cuardaigh inar féidir le scoileanna eochairfhocail a chur isteach chun creataí a aimsiú.

Moltar na heochairfhocail seo a leanas:

- ‘oifig’ nó ‘stáiseanóireacht’ don chreat stáiseanóireachta agus soláthairtí oifige,
- ‘TFC inchaite’ don chreat um Ábhair Inchaite TFC,
- ‘páipéar oifige’ don chreat um Pháipéar Oifige Ilchuspóireach do Phriontáil agus Fótachóipeáil.

Ní mór do scoil an ‘Foirm maidir le Fógra chun Earraí a Ghníomhachtú’ ábhartha a chomhlánú le haghaidh gach creata ar mian léi a rochtain.

Tá cóip den ‘Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú’ in aguisín 6.

## 2.1. Creat um Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige

Clúdaítear na hearraí seo a leanas faoin gcreat seo:

| Catagóir | Raon Earraí |
|---|---|
| Greamacháin | Bataí Gliú, Téip, Duán agus Lúb Fabraice |
| Leabhair agus Bloic Pháipéir | Leabhair Nótaí Cás- agus Sreang-Cheangailte, Bloic Pháipéir Athlíonta, Leabhair Nótaí Gearrláimhe |
| Comhpháirteanna Deisce | Glantóir Aeir, Luchóg le Taca Láimhe, Gearrthóga, Glantóir Luchóige don Mhéarchlár, Tralaí Cliathbhosca, Cúl-Phacáiste Glúine, Tráidirí Litreach, Cás Píolótach, Cás Thar Oíche, Slachtóir (Sealbhóir Peann), Mata Luiche, Fóilió Comhdhála Zipped |
| Dialanna | A4/A5: Acadúil, Lá ar Leathanach, Coinní, Seachtain le hAmharc<br><br>A4 amháin: Dhá Lá ar Leathanach |
| Míreanna Leictreacha | Cadhnraí, Áireamhán Deisce, Áireamhán Eolaíoch, Áireamhán Priontála |
| Clúdaigh | Clúdaigh Aischláir, Clúdaigh Phacáistithe, Clúdaigh Pháipéir |
| Comhdú agus Stóráil | Boscaí Stórála, Boscaí Cartlainne, Boscaí Comhaid, Comhaid, Fillteáin, Pócaí Plaisteacha, Roinneoirí Ábhar |

| | |
|---|---|
| Lipéid | Lipéid Seolta, Téip Lipéad Lannaithe, Lipéid Ilchuspóireacha, Lipéid Comhad Lever Arch |
| Ilghnéitheach | Póca Poist, Mála Zip Dualgas Trom, Kit Garchabhrach |
| Comhpháirteanna Oifige | Bosca Athchúrsála Cairtchláir, Mata Cathaoirleach, Málaí Mionghearrthóra, Pleanálaithe Balla |
| Stáiseanóireacht Oifige | Gearrthóga, Sreabhán Ceartúcháin/Peann/Sorcóir, Dáileoir Téip Deasc, Punch, Pionnaí Líníochta, Léirscriosán, Stáplóir, Cluaisíní Innéacs, Marcóirí Leathanach, Oscailteoir Litreach, Géaróir Peann luaidhe, Clibeanna Cisteáin, Cártaí Taifid, Nótaí Greamaitheacha, Bannaí Rubair, Siosúr, Rialóir, Bainteoir stáplaí, Sticky Tack |
| Pacáistiú | Sreangán Cadáis |
| Páipéar | Cairteacha Smeach, Bileoga Féinghreamaitheacha, Páipéar Teastais, Rollaí Priontála Teirmeacha, Rollaí Áireamhán |
| Stampaí Postais | Luach €1 |
| Léiriú agus Taispeáint | Tacas Cairte Smeach, Pócaí Lannaithe, Pócaí Doiciméad / Litríochta, Sealbhóirí Doiciméad, Ríl Suaitheantais, Clúdaigh Teastais, Maighnéid Daite, Suaitheantas Gearrthóg Comhcheangail, Corc-Chláir, Cláir Fhógra Feilte, Lanyards, Ceangaltóirí 4-Fháinne, Scriosairí Clár Bán, Leabhar Cuairteoirí Tiubh, Pas Slándála Sealbhóir, Cumhdóirí 2-Fháinne, Cíoraí Ceangailteacha, Clúdaigh Ceangailteacha, Cúr Glanadh an Chláir Bháin/Ciarsúirí |
| Trealamh Beag Oifige | Gaothráin Deisce, Síntigh, Printéir Lipéad, Mionghearrthóga, Ceanglóir Cíor de Láimh, Araid Dramhaíola Miotail, Guillotine, Lannaitheoir, Bearrthóir Rothlach, Clog Balla |
| Stampaí | Méideanna Éagsúla, Téacs Féin-dhúcha Le Stampa Dáta, le Stampa Insuite |
| Ábhair Scríbhneoireachta | Aibhsitheoirí, Pinn, Pinn luaidhe, Marcóir Lándorchú Slándála, Marcóirí don Chlár Bán, Athlíon do Pheann Parkere |

Tá íos-ordú de €50 ag teastáil.

Chun an creat seo a úsáid, comhlánaigh an 'Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú' atá in aguisín 6, agus seol ríomhphost chuig an soláthraí ábhartha:

| Beart | Contaetha | Soláthraí |
|---|---|---|
| 4 | Baile Átha Cliath, Cill Dara, Lú, An Mhí agus Cill Mhantáin | Office Depot Ireland Ltd (ogpregistration@officedepot.ie) |
| 5 | Ceatharlach, Cill Chainnigh, Port Láirge, agus Loch Garman | Johns Business Systems (ogp@officestuff.ie) |
| 6 | An Clár, Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, agus Tiobraid Árann | Albany Office Supplies (sales@albanyofficesupplies.ie) |
| 7 | Laois, Longfort, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Gaillimh, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin, agus Sligeach | Lyreco Ireland Ltd (ogp.ie@lyreco.com) |
| 8 | An Cabhán, Dún na nGall, agus Muineachán | Paperpunch (sales@paperpunch.ie) |

Deimhneoidh an soláthraí go bhfuil an 'Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú' faighte agus féadfaidh sé dul i dteagmháil leis an scoil chun tuilleadh eolais a fháil d'fhonn cuntas a bhunú. Nuair a bheidh sé deimhnithe, féadfaidh an scoil orduithe a dhéanamh go díreach leis an soláthraí.

Chun teacht ar liosta iomlán de na hearraí atá ar fáil sa chatalóg agus a bpraghsanna, déan cuardach do 'stáiseanóireacht' ar BuyerZone chun liosta creataí a sheoladh ar ais agus roghnaigh creat do do chontae (m.sh. Beart 7 do chontaetha Laoise, Longfoirt, Uíbh Fhailí, na hIarmhí, Gaillimh, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin agus Sligeach).

Scrollaigh síos go dtí an rannán 'Sonraí Praghsanna' áit ar féidir comhad a íoslódáil le sonraí iomlána:


Pricing Details

Please see attached Catalogue regarding current pricing available under this contract. Clients may only order products under this contract that are included in the Catalogue. If a Clients requires additional Stationery items that are not part of the attached Catalogue, then they are required to follow proper public procurement guidelines in obtaining these items.

SOS Catalogue Prices Albany Office Lot 6 - 38.5 KB

**Léirítear praghsanna gan CBL san áireamh.**

## 2.2. Creat d'Ábhair Inchaite TFC

Clúdaítear na hearraí seo a leanas faoin gcreat:

- Cartúis Dúigh agus Tonóra
- Comhleáiteoirí
- Drumaí Íomháú
- Trealaimh Chothabhála
- Tonóirí Athmhonaraithe
- Gléasanna Stórála Sonraí
- Cáblaí
- Ilearraí TFC eile

Chun an creat seo a úsáid, comhlánaigh an 'Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú' atá in aguisín 6, agus seol ríomhphost chuig Banner Group Ltd – OGP@bannerireland.com.

Deimhneoidh an soláthraí (Grúpa Banner Teo.) go bhfuil an 'Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú' faighte agus féadfaidh sé dul i dteagmháil leis an scoil chun tuilleadh eolais a fháil chun cuntas a shocrú. Nuair a dheimhnítear é, féadfaidh an scoil orduithe a dhéanamh go díreach leis an soláthraí.

Tá catalóg de na hearraí agus na praghsanna ar fáil go díreach ón soláthraí.

## 2.3. Creat um Pháipéar Oifige do Phriontáil agus Fotachóipeáil

Clúdaítear na hearraí seo a leanas faoin gcreat seo:

| Cineálacha Páipéir Atá Ar fáil Faoin gConradh Seo | | | |
|---|---|---|---|
| **Cineál** | **Méid** | **Meáchan** | **Dath** |
| Páipéar Úríon | A4 | 90gsm | Bán |
| Páipéar Úríon | A4 | 80gsm | Bán |
| Páipéar Úríon | A3 | 80gsm | Bán |
| Páipéar Úríon | A4 | 75gsm | Bán |
| Páipéar Athchúrsáilte | A4 | 80gsm | Bán (Gile CIE 55-84) |
| Páipéar Athchúrsáilte | A4 | 80gsm | Bán (Gile CIE 85-109) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Páipéar Athchúrsáilte | A4 | 80gsm | Bán (Gile CIE 110-153) |
| Páipéar Athchúrsáilte | A4 | 80gsm | Pastal (Buí) |
| Páipéar Athchúrsáilte | A4 | 80gsm | Pastal (Gorm) |
| Páipéar Athchúrsáilte | A4 | 80gsm | Pastal (Glas) |
| Páipéar Athchúrsáilte | A4 | 80gsm | Pastal (Bándearg) |
| Páipéar Athchúrsáilte | A4 | 80gsm | Pastel (Bánbhuí) |
| Páipéar Athchúrsáilte | A3 | 80gsm | Bán |

Tá ceithre bhosca ar a laghad ag teastáil. Tá cúig réam páipéir i ngach bosca.

Chun an creat seo a úsáid, comhlánaigh an ‘Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú’ atá in aguisín 6, agus seol é chuig OGP@antalis.ie. Nuair a bheidh sé deimhnithe, féadfaidh an scoil orduithe a chur go díreach leis an soláthraí.

Le haghaidh liosta iomlán de na hearraí agus na praghasanna atá ar fáil tríd an gcatalóg a fháil, déan cuardach do ‘pháipéar oifige’ ar BuyerZone chun liosta creataí a sheoladh ar ais agus roghnaigh an ‘Soláthar Páipéar Oifige Ilchuspóireach le haghaidh Priontála agus Fótachóipeála’.

Scrollaigh síos go dtí an rannán ‘Sonraí Praghsanna’ áit ar féidir comhad a íoslódáil le sonraí iomlána:

Pricing details

A Product Catalogue is available for download below for all registered users. This Catalogue contains details of all papers available under this contract, including product codes and pricing. This Catalogue is also available directly from Antalis Ltd.

All prices are inclusive of delivery charges.

Clients may also access the pricing for items by logging into or registering for an online account with Antalis Ltd.

Clients should note the following:

- Prices and Catalogues are available to registered users of the OGP’s BuyerZone (www.buyerzone.gov.ie);
- They can also be requested from Antalis Ltd. as the successful Supplier;
- Due to the current volatility in the paper market, the OGP have taken the decision to carry out price reviews every three (3) months for the duration of this Goods contract.
- All prices are **inclusive of delivery** but **exclusive of VAT**.

Paper Catalogue Jan 2024 - 6.7 MB

**Léirítear praghsanna le costas seachadta san áireamh ach gan CBL san áireamh.**

# Aguisín 6 – Foirm um Fhógra chun Earraí a Ghníomhachtú

**FOIRM UM FHÓGRA CHUN EARRAÍ A GHNÍOMHACHTÚ**

Is fógra é seo chun críocha Chlásal 23 den Chreatchonradh maidir le soláthar [Cuir isteach an cineál earraí atá ag teastáil] idir [Cuir isteach ainm an Údaráis Chonarthaigh] (“an Cliant”) agus [Cuir isteach Ainm “an Conraitheoir”) dar dáta. [cuir isteach an dáta[insert date]

Is Cliant Chreata é an [CUIR ISTEACH SONRAÍ AN CHLIAINT CHREATA] mar atá leagtha amach i gclásal 23A den Chreatchonradh agus i gcomhréir le clásal 23 **TUGTAR FÓGRA ANSEO** don Chonraitheoir gur mian leis ceannach Earraí a ghníomhachtú le héifeacht ón [cuir isteach an dáta] (an “Dáta Éifeachtach").

Aithníonn, aontaíonn agus deimhníonn an Cliant Creata leis seo go bhfuil an Creatchonradh agus an Comhaontú Rúndachta arna nglacadh leis seo ag an gCliant Creata chun soláthar na nEarraí a rialú agus measfar gur tagairtí iad tagairtí don Chliant sa Chreatchonradh agus sa Chomhaontú Rúndachta. don Chliant Creata agus geallann an Cliant Creata leis seo go gcomhlíonfaidh agus go gcloífidh sé le téarmaí agus coinníollacha uile an Chreatchonartha agus an Chomhaontaithe Rúndachta is infheidhme maidir leis amhail is dá mba pháirtí de é.

Arna dhátú: _______________

Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann an Chliaint Chreata: ___________________

Arna shíniú don Chonraitheoir agus thar ceann an Chonraitheora:_________________

Arna dhátú:_________________